BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Deichiú Dlísheomra)

8 Bealtaine 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Obair ar théarma socraithe – Treoir 1999/70/CE – Creat-Chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe a thug ETUC, UNICE agus CEEP i gcrích – Clásal 4(1) – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe maidir le hoibrithe ar théarma socraithe – Raon feidhme – An coincheap 'coinníollacha fostaíochta' – Oibrithe feirme ar théarma socraithe – Ranníocaíochtaí slándála sóisialta arna ríomh ar bhonn luach saothair – Pá d'oibrithe feirme ar théarma socraithe arna bhunú ar bhonn uaireanta oibre laethúla – Pá d'oibrithe feirme buana arna bhunú ar bhonn am oibre laethúil socraithe)

I gCásanna Uamtha C-212/24, C-226/24 agus C-227/24,

IARRATAÍ ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ó Corte d'appello di Firenze (an Chúirt Achomhairc, Flórans, an Iodáil), trí bhreitheanna an 8 Eanáir 2024, a fuarthas ag an gCúirt Bhreithiúnais an 19 agus 26 Márta 2024, sna himeachtaí idir

L. T. s.s. (C-212/24),

A.M. (C-226/24),

XXX (C-227/24)

v

Istituto nazionale della previdenza sociale (INPS),

tríú páirtí:

Agenzia delle entrate – Riscossione,

tugann AN CHÚIRT (an Deichiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: D. Gratsias, Uachtarán an Dlísheomra, E. Regan agus B. Smulders (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– L.T. s.s., A.M. agus XXX, ag L. Giraldi agus I. Pagni, avvocati,

– Istituto nazionale della previdenza sociale (INPS), ag C. D'Aloisio, E. De Rose, E. Sciplino agus A. Sgroi, avvocati,

– an Coimisiún Eorpach, ag S. Delaude agus D. Recchia, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú ar Chlásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe, arna thabhairt i gcrích an 18 Márta 1999 ('an Creat-Chomhaontú'), atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 a bhaineann leis an gCreat-Chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe a thug ETUC, UNICE agus CEEP i gcrích (IO 1999 L 175, lch. 43).

2 Rinneadh na hiarrataí i dtrí shraith imeachtaí idir L.T. s.s., A.M. agus XXX, ar thaobh amháin, agus an Istituto nazionale della previdenza sociale (INPS) (an Institiúid Náisiúnta Slándála Sóisialta (INPS), an Iodáil) ar an taobh eile, maidir le ranníocaíochtaí slándála sóisialta atá le híoc ag gnóthais a fhostaíonn oibrithe feirme ar théarma socraithe.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Foráiltear le hAirteagal 1 de Threoir 1999/70:

'Is é cuspóir na Treorach seo an Creat-Chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis a tugadh i gcrích an 18 Márta 1999 idir na heagraíochtaí ginearálta trastionscail (ETUP, CEEP agus UNICE) a chur chun feidhme.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Deirtear sa tríú mír sa bhrollach a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú an méid seo a leanas:

'Sa Chomhaontú seo, leagtar amach na prionsabail ghinearálta agus na híoscheanglais maidir le hobair ar théarma socraithe, agus aithnítear nach mór réaltachtaí staideanna sonracha náisiúnta, earnála agus séasúracha a chur san áireamh agus iad a chur i bhfeidhm go sonrach. Léirítear toilteanas na gComhpháirtithe Sóisialta creat ginearálta a bhunú chun cóir chomhionann a áirithiú d'oibrithe ar théarma socraithe trína gcosaint ar idirdhealú agus trí chonarthaí fostaíochta ar théarma socraithe a úsáid ar bhonn atá inghlactha d'fhostóirí agus d'oibrithe. '[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le Clásal 1 den Chreat-Chomhaontú, dar teideal ‘Cuspóir’:

‘Is é cuspóir an Chreat-Chomhaontaithe seo:

(a) caighdeán na hoibre ar théarma socraithe a fheabhsú trí chur i bhfeidhm phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a áirithiú;

(b) creat a bhunú chun cosc a chur ar mhí-úsáid a eascraíonn as conarthaí nó caidrimh fostaíochta ar théarma socraithe a úsáid i ndiaidh a chéile.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le Clásal 2 den Chreat-Chomhaontú, dar teideal ‘Raon feidhme’ mar seo a leanas:

‘Baineann an comhaontú seo le hoibrithe ar théarma socraithe a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta leo mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm i ngach Ballstát.’[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le Clásal 3 den Chreat-Chomhaontú, dar teideal ‘Sainmhínithe’:

‘Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallaíonn:

1. “Oibrí ar théarma socraithe”, duine a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta ar théarma socraithe aige a dhéantar go díreach idir fostóir agus oibrí i gcás ina gcinntear deireadh an chonartha nó an chaidrimh fostaíochta de réir coinníollacha oibiachtúla amhail dáta ar leith a bhaint amach, cúram ar leith a chur i gcrích, nó teagmhas sonraithe tarlú.

2. “buan-oibrí inchomparáide” oibrí a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh de thréimhse éiginnte aige, san eagraíocht chéanna, leis an obair/post céanna nó den chineál céanna, agus aird á tabhairt ar cháilíochtaí/scileanna. I gcás nach bhfuil aon bhuan-oibrí inchomparáide sa bhunaíocht chéanna, déanfar an chomparáid faoi threoir an chomhaontaithe chomhchoitinn is infheidhme, nó i gcás nach bhfuil aon chomhaontú comhchoiteann is infheidhme ann, i gcomhréir leis an reachtaíocht, le comhaontuithe comhchoiteanna nó leis an gcleachtas náisiúnta.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Faoi Chlásal 4 den Chreat-Chomhaontú, dar teideal ‘Prionsabal an neamh-idirdhealaithe’:

‘(1) Maidir le coinníollacha fostaíochta, ní dhéileálfar le hoibrithe ar théarma socraithe ar bhealach is lú fabhar ná le buan-oibrithe inchomparáide toisc go bhfuil conradh nó caidreamh ar théarma socraithe acu, ach amháin má tá bonn cirt le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla.

2. I gcás inarb iomchuí, beidh feidhm ag an bprionsabal *pro rata temporis*.

3. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha maidir le cur chun feidhme an chlásail seo a shainiú tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus/nó trí na comhpháirtithe sóisialta iad féin, ag féachaint do dhlí an Chomhphobail agus don dlí náisiúnta, do chomhaontuithe comhchoiteanna agus do chleachtas comhchoiteann.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hIodáile

9 Foráiltear le hAirteagal 1(1) de decreto-legge nº 338 – Disposizioni urgenti in materia di evasione contributiva, di fiscalizzazione degli oneri sociali, di sgravi contributivi nel Mezzogiorno e di finanziamento dei patronati (Dlí Foraithne Uimh. 338 lena leagtar síos forálacha práinneacha maidir le ranníocaíochtaí slándála sóisialta a sheachaint, le cáin a ghearradh ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta, laghduithe ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta sa Deisceart agus le maoiniú comhlachas fostóirí) an 9 Deireadh Fómhair 1989 (GURI Uimh. 237 an 10 Deireadh Fómhair 1989), sa leagan is infheidhme maidir leis na díospóidí sna príomhimeachtaí ('Dlí Foraithne Uimh. 338/1989'):

'Ní fhéadfaidh an luach saothair atá le húsáid mar bhonn le ranníocaíochtaí slándála sóisialta a ríomh a bheith níos ísle ná na méideanna luacha saothair a leagtar síos le dlíthe, le rialacháin nó le comhaontuithe comhchoiteanna arna dtabhairt i gcrích ag na heagraíochtaí ceardchumainn is ionadaíche ar an leibhéal náisiúnta, nó ag comhaontuithe comhchoiteanna eile nó ag conarthaí aonair eile i gcás ina mbeidh luach saothair níos airde mar thoradh air sin ná an luach saothair dá bhforáiltear sa chomhaontú comhchoiteann.'

10 Leis an contratto collettivo nazionale di lavoro per gli operai agricoli e florovivaisti (Comhaontú Náisiúnta Comhchoiteann um Shaothar d'earnáil na talmhaíochta agus na bláthadóireachta) an 6 Iúil 2006 ('CCNL'), sainmhínítear, in Airteagal 18(a) de, oibrithe feirme ar théarma socraithe mar 'oibrithe atá fostaithe faoi chaidreamh fostaíochta ar théarma socraithe aonair, amhail, mar shampla, iad siúd atá fostaithe chun obair ghearrthéarmach, obair shéasúrach nó obair ócáideach a dhéanamh, nó ar feadh tréimhsí oibre nó chun an ceart chun fostaíocht a choinneáil a choinneáil in ionad oibrithe atá as láthair ón obair'.

11 Luaitear in Airteagal 30(1) CCNL go 'socrófar am oibre ag 39 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine, is é sin le rá, [6 uair an chloig go leith in aghaidh an lae' agus foráiltear le hAirteagal 40(1) de CCNL go mbeidh 'oibrithe ar théarma socraithe i dteideal íocaíocht as na huaireanta a oibríodh iarbhír i rith an lae'.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

12 I mí na Nollag 2013, d'ordaigh INPS, *inter alia*, do na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí ranníocaíochtaí slándála sóisialta breise a íoc leis na ranníocaíochtaí slándála sóisialta a íocadh roimhe sin i leith na n-oibrithe feirme ar théarma socraithe a bhí fostaithe acu in 2006 agus 2007. De réir INPS, ríomh na hiarratasóirí sin a ranníocaíochtaí slándála sóisialta a bhí iníoctha i leith na n-oibrithe sin go mícheart sa mhéid is gur chuir siad san áireamh, sa ríomh sin, na huaireanta a d'oibrigh siad go hiarbhír in ionad an ama oibre laethúil 6 uair an chloig go leith, mar a leagtar amach sa chéad fomhír d'Airteagal 30 de CCNL.

13 Thug na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí caingean i gcoinne ordú INPS os comhair Tribunale di Grosseto (an Chúirt Dúiche, Grosseto, an Iodáil), a sheas leis an gcaingean sin.

14 Rinne INPS achomharc i gcoinne bhreithiúnas na cúirte sin os comhair Corte d'appello di Firenze (an Chúirt Achomhairc, Flórans, an Iodáil). Chinn an chúirt sin go raibh bunús maith le héilimh INPS ar íocaíocht, ar an bhforas, ag féachaint do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe idir oibrithe buana agus oibrithe ar théarma socraithe agus sa chéad fomhír d'Airteagal 30 de CCNL, gur ghá méid na ranníocaíochtaí slándála sóisialta is iníoctha ag fostóirí na n-oibrithe deireanacha sin a ríomh ar bhonn luach saothair a bunaíodh le haghaidh am oibre 6 uair an chloig go leith agus ní ar bhonn na n-uaireanta oibre a cuireadh i gcrích go hiarbhír.

15 Thug na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí achomhairc os comhair an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Iodáil) ('an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh'), inar cinneadh, ar an gcéad dul síos, de bhun Airteagal 1(1) de Dhlí Foraithne Uimh. 338/1989 i gcomhar leis an gcéad fomhír d'Airteagal 40 de CCNL, nach mór ranníocaíochtaí slándála sóisialta atá iníoctha ag fostóirí in earnáil na talmhaíochta i leith luach saothair a íoctar le hoibrithe feirme ar théarma socraithe a ríomh ach amháin ar bhonn na n-uaireanta oibre a cuireadh i gcrích go hiarbhír, ach amháin má chinneann na fostóirí sin, i gcás briseadh sa ghníomhaíocht de bharr *force majeure*, nach mór do na hoibrithe sin fanacht ar an áitreabh ar fáil ag na fostóirí.

16 I ndáil leis sin, mheabhraigh an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh) nach luaitear sa chéad fhomhír d'Airteagal 30 de CCNL, lena bhforáiltear go socraítear an t-am oibre ag 39 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine, is é sin le rá, ag 6 uair an chloig go leith in aghaidh an lae, ach an t-am oibre uasta seachtainiúil agus laethúil, gan, áfach, an t-am oibre íosta a shonrú. Leagtar síos leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 40 de CCNL, trína fhoráil go mbeidh oibrithe ar théarma socraithe i dteideal íocaíocht as na huaireanta oibre iarbhír a oibríodh i rith an lae, riail atá ar neamhréir go loighciúil le coincheapa an ama oibre sheachtainiúil agus laethúil, toisc go gciallaíonn sé nach mbeadh an luach saothair is iníoctha ceangailte leis an tagairt d'am oibre réamhbhunaithe a d'fhéadfadh a bheith inaitheanta i dtéarmaí ginearálta agus teibí. Tá an fhoráil sin, atá bunaithe ar ghnéithe sonracha d'obair thalmhaíochta ar théarma socraithe, comhsheasmhach leis an riail a leagtar síos in Airteagal 16(1)(g) de decreto legislativo n. 66 – Attuazione delle direttive 93/104/CE e 2000/34/CE concernenti taluni aspetti dell'organizzazione dell'orario di lavoro (Foraithne Reachtach Uimh. 66 maidir le cur chun feidhme Threoracha 93/104/CE agus 2000/34/CE maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre) an 8 Aibreán 2003 (GURI Uimh. 87 an 14 Aibreán 2003, gnáthfhorlíonadh Uimh. 61), lena bhforáiltear, trí Threoir 93/104/CE ón gComhairle an 23 Samhain 1993 i dtaca le gnéithe ar leith d'eagrúchán uaireanta oibre (IO 1993 L 307, lch. 18) a thrasuí, arna leasú le Treoir 2000/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 2000 (IO 2000 L 195, lch. 41), go n-eisiatar oibrithe feirme ar théarma socraithe ó raon feidhme na reachtaíochta a bhaineann le gnáth-am oibre seachtainiúil.

17 Ar an dara dul síos, maidir le ríomh na ranníocaíochtaí slándála sóisialta, sonraíonn an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh), ar an gcéad dul síos, faoi Airteagal 1(1) de Dhlí Foraithne Uimh. 338/1989, nach bhféadfaidh an luach saothair nach mór a úsáid mar bhonn don ríomh sin a bheith níos ísle ná méid an luacha saothair a bhunaítear le dlíthe, rialacháin agus comhaontuithe comhchoiteanna. Anuas air sin, luaitear ann, maidir le hoibrithe feirme ar théarma socraithe a ndéantar ranníocaíochtaí slándála sóisialta a ríomh ina leith ar bhonn na n-uaireanta a oibríodh go hiarbhír, nach féidir le cásdlí na Cúirte maidir le toirmeasc ar idirdhealú in aghaidh oibrithe ar théarma socraithe, a leagtar amach i gClásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú, a bheith mar bhonn chun ranníocaíochtaí slándála sóisialta níos airde a íoc le haghaidh oibrithe feirme ar théarma socraithe, a mhéid nach dtagann an caidreamh idir INPS agus fostóirí maidir le ranníocaíochtaí slándála sóisialta faoi raon feidhme dhlí an Aontais.

18 Dá bhrí sin, chuir an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh) breithiúnas Corte d'appello di Firenze (an Chúirt Achomhairc, Flórans) ar ceal agus tharchuir sí an cás ar ais chuig an gcúirt sin.

19 Tá amhras ar Corte d'appello di Firenze (an Chúirt Achomhairc, Flórans) arb í an chúirt a rinne an tarchur í, maidir le comhoiriúnacht an chinnidh a rinne an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh), mar a luaitear i mír 15 den bhreithiúnas seo, ar dá réir nach mór na ranníocaíochtaí slándála sóisialta is iníoctha ag fostóirí in earnáil na talmhaíochta i leith luach saothair a íoctar le hoibrithe feirme ar théarma socraithe a ríomh ar bhonn na n-uaireanta oibre a cuireadh i gcrích go hiarbhír, agus ar an mbonn sin amháin, le Clásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú.

20 I ndáil leis sin, áitíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, go bhfuil feidhm ag an gclásal sin maidir leis na cásanna sna príomhimeachtaí. Níl earnáil na talmhaíochta eisiata ó raon feidhme Threoir 1999/70 agus áirítear luach saothair sna coinníollacha fostaíochta dá dtagraítear sa chlásal sin. Baineann na ranníocaíochtaí slándála sóisialta atá i gceist sna príomhimeachtaí leis an luach saothair is iníoctha le hoibrithe feirme ar théarma socraithe, ós rud é, ar an gcéad dul síos, faoin dlí náisiúnta, go bhfuil na ranníocaíochtaí sin iníoctha ar iomlán an luacha saothair atá le híoc leis na hoibrithe sin agus, ar an dara dul síos, go gcuireann na ranníocaíochtaí sin le híocaíocht na sochar slándála sóisialta arna soláthar ag scéimeanna slándála sóisialta ceirde. Maidir leis an ngné dheireanach sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil méid na sochar sin comhréireach le fad an chaidrimh fostaíochta agus go bhfuil sé nasctha le méid an luacha saothair, ós rud é go mbraitheann méid na ranníocaíochtaí sin ar an méid deireanach sin. Is é an tátal a bhaintear as sin go bhfaighidh oibrí feirme ar théarma socraithe, a ríomhtar a luach saothair ar bhonn na n-uaireanta oibre a cuireadh i gcrích go hiarbhír amháin, sochair de mhéid níos ísle ná buan-oibrí feirme a chinntítear i gcónaí go bhfaighidh sé pá íosta arna bhunú leis an gcomhaontú comhchoiteann, beag beann ar na huaireanta oibre iarbhír.

21 Ina dhiaidh sin, áitíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhféadfadh an cinneadh a rinne an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh), dá dtagraítear i mír 15 den bhreithiúnas seo, Clásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú a shárú sa mhéid is go gcaitear le hoibrithe feirme ar théarma socraithe nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an gcóir a thugtar d'oibrithe feirme buana, rud nach bhfuil údar leis ar fhorais oibiachtúla.

22 Go háirithe, measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil oibrithe feirme ar théarma socraithe agus buan-oibrithe feirme i staid inchomparáide ós rud é go ndéanann siad na tascanna céanna. Mar thoradh ar an gcinneadh sin ón Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh), caitear le hoibrithe feirme ar théarma socraithe ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibrithe feirme buana a dhéanann obair inchomparáide mar sin féin. I gcás oibrithe feirme ar théarma socraithe, tá saoirse ag an bhfostóir a n-am oibre agus a luach saothair a chinneadh agus, dá bhrí sin, méid na ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus méid na sochar slándála sóisialta a bhféadfaidh siad a bheith ina dteideal a chinneadh. Os a choinne sin, ráthaítear íosluach saothair laethúil d'oibrithe buana feirme, bunaithe ar am oibre laethúil 6 uair an chloig go leith, beag beann ar uaireanta an chloig oibrithe iarbhír. Dá bhrí sin, ráthaítear na ranníocaíochtaí slándála sóisialta a íocann a bhfostóirí agus na sochair slándála sóisialta a d'fhéadfaidís a fháil ar bhonn na ranníocaíochtaí sin ós rud é go bhfuil siad bunaithe ar an luach saothair íosta laethúil sin.

23 Ar deireadh, áitíonn an chúirt a rinne an tarchur, nach bhfuil aon chúiseanna oibiachtúla ann sa chás seo a bhaineann le feidhmiú na hoibre lena mbaineann ná aon fhianaise bheacht nithiúil lena dtugtar údar leis an ngá atá le cóir éagsúil d'oibrithe ar théarma socraithe i gcomparáid le hoibrithe buana. Bíonn tionchar ag rioscaí a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht talmhaíochta a bhraitheann ar dhálaí aimsire nárbh fhéidir a thuar ar gach oibrí feirme, bíodh siad fostaithe ar feadh téarma socraithe nó ar bhonn buan.

24 Sna himthosca sin, chinn Corte d'appello di Firenze (an Chúirt Achomhairc, Flórans) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas, atá scríofa díreach mar a chéile sna cásanna uamtha C-212/24, C-226/24 agus C-227/24, a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) An gcaithfear Clásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar chomhaontú comhchoiteann náisiúnta, amhail an ceann atá in Airteagal 40 [CCNL], arna léiriú ag an Corte [suprema] di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Iodáil) ar mhodh atá ina cheangal ar an gcúirt a rinne an tarchur, a aithníonn, maidir leis an oibrí feirme ar théarma socair, an ceart chun íocaíochta as na huaireanta oibre a dhéantar iarbhír sa lá, seachas an Airteagal 30 roimhe seo de CCNL a aithníonn, i gcás oibrithe feirme ar chonarthaí buana, an ceart chun luach saothair, agus é a bhunú ar lá oibre de 6.30 uair an chloig?

(2) Más freagra dearfach atá ar an gceist roimhe seo, an bhfuil Clásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú le léiriú sa chaoi a chiallaíonn go gcinnfear méid na ranníocaíochta leasa shóisialaigh éigeantaigh is iníoctha i leith oibrithe feirme ar théarma socair is ábhar fostaíochta é scéim slándála sóisialta ceirde freisin, agus dá bhrí sin nach mór í a chinneadh ar bhonn an chritéir chéanna agus atá i gcás oibrithe feirme buana agus ar chomhréir leis an am oibre laethúil a shocraítear le [CCNL], agus ní ar bhonn na huaireanta oibre iarbhír?'

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Inghlacthacht

25 Ar an gcéad dul síos, measann na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí go bhfuil na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú do-ghlactha ar an bhforas nach féidir le INPS, mar thionscnamh ón Stát, brath ar fhoráil de threoir a bhfuil éifeacht dhíreach aici ina leith.

26 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, gur faoin gcúirt náisiúnta amháin – ar tugadh an díospóid os a comhair agus a chaithfidh freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach atá le déanamh – atá sé measúnú a dhéanamh, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, ar an ngá le réamhrialú ionas go bhféadfaidh sí breithiúnas a thabhairt agus ar ábharthacht na gceisteanna a chuireann sí faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais araon. Dá bhrí sin, ós rud é go mbaineann na ceisteanna a tarchuireadh le léiriú dhlí an Aontais, tá iallach ar an gCúirt Bhreithiúnais, i bprionsabal, rialú a thabhairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Deireadh Fómhair 2024, *FA.RO. di YK & C.*, C-16/23, EU:C:2024:886, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais Eorpaigh. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnas diúltú rialú a thabhairt maidir le ceist arna tarchur ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais Eorpaigh le fíorais iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 17 Deireadh Fómhair 2024, *FA.RO. di YK & C.*, C-16/23, EU:C:2024:886, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Anuas air sin, is fíor i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 288 CFAE, nach bhfuil treoir ina ceangal, nádúr ceangailteach atá mar bhonn don fhéidearthacht brath uirthi, ann ach amháin i ndáil le 'gach Ballstát chuig a ndíreofar í'. Fágann sé sin, de réir cásdlí socair, nach féidir oibleagáidí a fhorchur ar dhuine aonair de bhun treorach ann féin agus dá bhrí sin nach féidir brath ar threoir mar sin i gcoinne duine den sórt sin os comhair cúirt náisiúnta (breithiúnas an 22 Nollaig 2022, *Sambre & Biesme agus Commune de Farciennes*, C-383/21 agus C-384/21, EU:C:2022:1022, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Mar sin féin, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais arís agus arís eile go bhfuil oibleagáid na mBallstát a eascraíonn as treoir chun an toradh arna bheartú leis an treoir sin a ghnóthú agus an dualgas atá orthu, gach beart iomchuí a dhéanamh, bíodh sé ginearálta nó sonrach, chun a áirithiú go mbeidh comhlíonadh na hoibleagáide sin ina cheangal ar údaráis uile na mBallstát, lena n-áirítear, i gcás ábhair faoina ndlínse, na cúirteanna agus an dlí náisiúnta á chur i bhfeidhm, ceanglaítear ar chúirteanna náisiúnta a n-iarrtar orthu an dlí sin a léiriú, *inter alia*, corpas iomlán rialacha an dlí náisiúnta a mheas agus modhanna léirithe a aithnítear leis na rialacha sin a chur i bhfeidhm chun é a léiriú, a mhéid is féidir, i bhfianaise fhoclaíocht agus chuspóir na Treorach lena mbaineann chun an toradh a iarrtar leis an Treoir sin a bhaint amach agus, dá bhrí sin, chun an tríú mír d'Airteagal 288 CFAE a chomhlíonadh (breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 2020, *A (Fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte agus iad a dhíol ar líne)*, C-649/18, EU:C:2020:764, míreanna 38 agus 39 agus an cásdlí dá dtagraítear). Leis an oibleagáid maidir leis an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh, ceanglaítear ar chúirteanna náisiúnta cásdlí bunaithe a athrú, i gcás inar gá, má tá sé bunaithe ar léiriú ar an dlí náisiúnta atá ar neamhréir le cuspóirí treorach. Dá réir sin, ní fhéadfadh an chúirt náisiúnta a mheas, agus cúis mhaith a bheith aici, go bhfuil léiriú ar fhoráil den dlí náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais dodhéanta toisc gur minic a ndearnadh léiriú ar an bhforáil sin ar chaoi atá ar neamhréir leis an dlí sin (breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2024, *KUBERA*, C-144/23, EU:C:2024:881, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Dá bhrí sin, tá dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais réamhrialú a thabhairt maidir le léiriú fhorálacha dhlí an Aontais, beag beann ar cé acu atá nó nach bhfuil éifeacht dhíreach acu idir na páirtithe sa díospóid bhunúsach (breithiúnas an 14 Deireadh Fómhair 2020, *KG (Misin Chomhleanúnacha le linn obair ghníomhaireachta shealadach)*, C-681/18, EU:C:2020:823, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Dá bhrí sin, níl an fíoras nach féidir le Treoir 1999/70 oibleagáidí a fhorchur ar na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí de chineál a fhágann go bhfuil na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú do-ghlactha.

32 Ar an dara dul síos, maíonn na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí go bhfuil na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú do-ghlactha sa mhéid is gur tháinig siad chun bheith hipitéiseach mar thoradh ar chinneadh an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach

um Achomharc Deiridh) dá dtagraítear i mír 18 den bhreithiúnas seo. I ndiaidh an chinnidh sin, ní iarrtar ar an gcúirt a rinne an tarchur a thuilleadh rialú a dhéanamh ar dhifríocht sa chaoi a gcaitear le hoibrithe feirme ar théarma socraithe agus le hoibrithe feirme buana, ach ní gá di ach cinneadh a dhéanamh an gá uaireanta oibre breise a chur san áireamh agus na ranníocaíochtaí slándála sóisialta is iníoctha ag oibrithe feirme ar théarma socraithe á ríomh.

33 Is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, a bhfuil achoimre uirthi i míreanna 19 go 23 den bhreithiúnas seo, go measann an chúirt sin go n-iarrtar uirthi rialú a thabhairt ar dhifríocht sa chaoi a gcaitear le hoibrithe feirme ar théarma socraithe agus le hoibrithe feirme buana agus, dá bhrí sin, go bhfuil forais ann chun na hiarrataí ar réamhrialú seo a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais. I bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 26 agus 27 den bhreithiúnas seo, ní faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé amhras a chaitheamh ar an measúnú sin arna dhéanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, ar ábhar na ndíospóidí atá fós le réiteach.

34 Dá bhrí sin, ní féidir le hargóintí na n-iarratasóirí sna príomhimeachtaí a ndéantar achoimre orthu i mír 32 den bhreithiúnas seo údar a thabhairt le do-ghlacthacht na gceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú.

35 Ar an tríú dul síos, measann na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí go bhfuil an chéad cheist hipitéiseach agus, dá bhrí sin, do-ghlactha a mhéid nach mbaineann na díospóidí sna príomhimeachtaí le luach saothair oibrithe feirme ar théarma socraithe, ach leis na ranníocaíochtaí slándála sóisialta atá iníoctha ag fostóirí na n-oibrithe sin.

36 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir na cúirte a rinne an tarchur, go ndéantar na ranníocaíochtaí slándála sóisialta atá i gceist sna príomhimeachtaí a ríomh ar bhonn an luacha saothair sin agus, dá bhrí sin, go bhféadfaidís teacht faoi na coinníollacha fostaíochta dá dtagraítear i gClásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú. Dá bhrí sin, níl an chéad cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú hipitéiseach, ós rud é gur réamhriachtanas riachtanach é freagra na ceiste sin chun freagra a thabhairt ar an dara ceist, nach n-ardaítear, de réir a foclaíochta, ach amháin má thugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist.

37 Dá bhrí sin, tá na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú inghlactha.

Substaint

38 Lena ceisteanna, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Clásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta, arna léiriú ag cúirt náisiúnta uachtarach, faoina ndéantar ranníocaíochtaí slándála sóisialta atá iníoctha ag fostóirí a fhostaíonn oibrithe feirme ar théarma socraithe a ríomh ar bhonn an luacha saothair a íoctar leis na hoibrithe sin as na huaireanta oibre laethúla atá curtha i gcrích acu i ndáiríre, cé go ndéantar ranníocaíochtaí slándála sóisialta atá iníoctha ag fostóirí a fhostaíonn buan-oibrithe feirme a ríomh ar bhonn luach saothair a bhunaítear le haghaidh am oibre laethúil arb ionann é agus roinnt uaireanta oibre a leagtar síos sa dlí náisiúnta.

39 Chun na ceisteanna sin a fhreagairt, ní mór a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, de réir théarmaí Chlásal 1 den Chreat-Chomhaontú, is é cuspóir don Chreat-Chomhaontú sin, ar an gcéad dul síos, caighdeán na hoibre ar théarma socraithe a fheabhsú trí chur i bhfeidhm phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a áirithiú agus creat a bhunú chun cosc a chur ar mhí-úsáid a eascraíonn as conarthaí nó caidrimh fostaíochta ar théarma socraithe a úsáid i ndiaidh a chéile.

40 Féachann an Creat-Chomhaontú, go háirithe Clásal 4, le prionsabal an neamh-idirdhealaithe a chur i bhfeidhm maidir le hoibrithe ar théarma socraithe chun cosc a chur ar fhostóir caidreamh fostaíochta den chineál sin a úsáid chun cearta a thugtar d'oibrithe buana a bhaint de na hoibrithe sin ar théarma socraithe (breithiúnas an 30 Samhain 2023, *Ministero dell'Istruzione agus INPS*, C-270/22, EU:C:2023:933, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 I ndáil leis sin, is fiú a mheabhrú go luaitear i gClásal 4 den Chreat-Chomhaontú, a bhfuil éifeacht dhíreach aige, ina phointe 1, go bhfuil toirmeasc, maidir le coinníollacha fostaíochta, ar chaitheamh le baill foirne ar théarma seasta ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le buan-oibrí inchomparáide ar an bhforas amháin go n-oibríonn siad ar théarma socraithe, mura bhfuil údar maith le cóir éagsúil ar 'fhorais oibiachtúla' (breithiúnas an 30 Samhain 2023, *Ministero dell'Istruzione agus INPS*, C-270/22, EU:C:2023:933, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Ar an dara dul síos, maidir le raon feidhme an chlásail sin, ar an gcéad dul síos, is léir ó Chlásal 2(1) den Chreat-Chomhaontú go bhfuil feidhm ag an gclásal sin maidir le hoibrithe ar théarma socraithe a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta acu mar a shainmhínítear go háirithe sa reachtaíocht nó sna comhaontuithe comhchoiteanna atá i bhfeidhm i ngach Ballstát.

43 Sa chás seo, rialaítear caidreamh fostaíochta na n-oibrithe feirme ar théarma socraithe atá i gceist sna príomhimeachtaí le reachtaíocht fostaíochta na hIodáile agus leis an CCNL agus, dá bhrí sin, tagann sé faoi raon feidhme an Chreat-Chomhaontaithe.

44 I ndáil leis sin, is é an critéar cinntitheach chun a chinneadh an dtagann beart faoin gcoincheap 'coinníollacha fostaíochta' de réir bhrí Chlásal 4 den Chreat-Chomhaontú ná fostaíocht, eadhon an caidreamh fostaíochta arna bhunú idir oibrí agus a fhostóir (breithiúnas an 20 Meitheamh 2019, *Ustariz Aróstegui*, C-72/18, EU:C:2019:516, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 De réir an chásdlí, ní mór an coincheap sin a léiriú mar choincheap lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le luach saothair. Go háirithe, mheas an Chúirt Bhreithiúnais, agus na heilimintí go léir a chomhdhéanann an luach saothair agus leibhéal na n-eilimintí sin araon á mbunú, nach mór do na comhlachtaí inniúla náisiúnta prionsabal an neamh-idirdhealaithe a leagtar síos i gClásal 4 den Chreat-Chomhaontú a chur i bhfeidhm maidir le hoibrithe ar théarma socraithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Aibreán 2008, *Impact*, C-268/06, EU:C:2008:223, míreanna 130 agus 134).

46 Dá bhrí sin, cumhdaítear leis an gcoincheap 'luach saothair' agus dá bhrí sin 'coinníollacha fostaíochta' de réir bhrí Chlásal 4 den Chreat-Chomhaontú pinsin a bhraitheann ar an gcaidreamh fostaíochta idir an t-oibrí agus an fostóir, cé is moite díobh siúd a eascraíonn as scéim reachtúil a ndéanann oibrithe, fostóirí agus, b'fhéidir, na húdaráis phoiblí ranníocaíocht ina leith i mbeart arna chinneadh níos lú le caidreamh fostaíochta den sórt sin ná mar a dhéanann cúrsaí beartais shóisialta (féach, chuige sin, breithiúnais an 15 Aibreán 2008, *Impact*, C-268/06, EU:C:2008:223, mír 131 agus an cásdlí a luaitear, agus an 7 Aibreán 2022, *Ministero della Giustizia agus páirtithe eile (Stádas giúistísí na hIodáile)*, C-236/20, EU:C:2022:263, mír 36). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh pinsean nach mbaineann ach le catagóir áirithe oibrithe, a íoctar mar gheall ar an gcaidreamh fostaíochta idir iad agus a n-iarfhostóir, a bhaineann go díreach leis an tréimhse sheirbhíse a cuireadh i gcrích agus a ríomhtar a mhéid trí thagairt don tuarastal deireanach, teacht faoi raon feidhme Chlásal 4 sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meitheamh 2010, *Bruno agus páirtithe eile*, C-395/08, EU:C:2010:329, míreanna 46 agus 47).

47 Sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé a chinneadh an gcuireann na ranníocaíochtaí atá i gceist sna príomhimeachtaí le híocaíocht sochar slándála sóisialta arna soláthar ag scéim slándála sóisialta ceirde nó ag córas slándála sóisialta reachtúil. Níl an fíoras nach mór d'fhostóirí na ranníocaíochtaí atá i gceist sna príomhimeachtaí a íoc le INPS seachas leis na hoibrithe feirme atá i gceist sna príomhimeachtaí cinntitheach ina leith sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meitheamh 2010, *Bruno agus páirtithe eile*, C-395/08 agus C-396/08, EU:C:2010:329, mír 50). Má shuitear nach mbaineann na sochair slándála sóisialta arna maoiniú leis na ranníocaíochtaí atá i gceist sna príomhimeachtaí ach le hoibrithe feirme nó le catagóir oibrithe lena mbaineann siad, go mbraitheann na sochair sin go díreach ar na ranníocaíochtaí sin agus go ríomhtar na ranníocaíochtaí sin ar bhonn an luacha saothair a íoctar leis na hoibrithe feirme atá i gceist sna príomhimeachtaí as obair a dhéantar dá bhfostóir, ní mór a mheas go bhféadfadh na ranníocaíochtaí sin teacht faoi 'choinníollacha fostaíochta', de réir bhrí an chlásail sin.

48 Ar an tríú dul síos, maidir le cur i bhfeidhm Chlásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú maidir le coinníollacha fostaíochta oibrithe ar théarma socraithe, ba cheart a mheabhrú gur léiriú sonrach é an clásal sin ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe lena gceanglaítear nach gcaithfear ar bhealach éagsúil le cásanna inchomparáide agus nach gcaithfear le cásanna éagsúla mar a chéile, mura bhfuil údar oibiachtúil leis an gcóir sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Meitheamh 2019, *Ustariz Aróstegui*, C-72/18, EU:C:2019:516, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 Dá bhrí sin, chun go mbeidh oibrithe ar théarma socraithe i dteideal sochar Chlásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú a éileamh maidir lena gcoinníollacha fostaíochta, is gá, ar an gcéad dul síos, a mheas an gcaitear leis na hoibrithe sin ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an gcóir a chuirtear ar oibrithe buana agus an gcuirtear na hoibrithe buana sin i staid atá inchomparáide le staid na n-oibrithe buana. A mhéid a bhaineann leis an measúnú ar inchomparáideacht na gcásanna, sainmhínítear i gClásal 3(2) den Chreat-Chomhaontú 'buan-oibrí inchomparáide' oibrí a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh de thréimhse éiginnte aige, san eagraíocht chéanna, leis an obair/post céanna nó den chineál céanna, agus aird á tabhairt ar cháilíochtaí/scileanna. Thairis sin, tá sé ráite ag an gCúirt, chun a mheas an bhfuil na hoibrithe ag gabháil don obair chéanna nó d'obair chomhchosúil chun críocha an Chreat-Chomhaontaithe, is gá, de réir Chlásal 3(2) agus Chlásal 4(1), scrúdú a dhéanamh an féidir a mheas, ag féachaint do roinnt tosca, amhail cineál na hoibre, na coinníollacha oiliúna agus na dálaí oibre, go bhfuil na daoine sin i staid inchomparáide (ordú an 9 Feabhra 2017, *Rodrigo Sanz*, C-443/16, EU:C:2017:109, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

50 Sa chás seo, maidir le cóir nach bhfuil chomh fabhrach sin, dealraíonn sé, faoi réir fhíorú na cúirte a rinne an tarchur, go bhfuil difríocht sa chaoi a gcaitear le hoibrithe feirme buana agus le hoibrithe feirme ar théarma socraithe chun aimhleasa na n-oibrithe sin.

51 I gcás oibrithe feirme ar théarma socraithe, is cosúil go ríomhtar na ranníocaíochtaí slándála sóisialta is iníoctha ag a bhfostóirí, de bhun Airteagal 1 de Dhlí Foraithne Uimh. 338/1989, arna léamh i gcomhar leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 40 de CCNL, ar bhonn an luacha saothair a íocadh as na huaireanta oibre laethúla a d'oibrigh siad go hiarbhír, ach, i gcás oibrithe feirme buana, is cosúil go ríomhtar na ranníocaíochtaí sin, de bhun Airteagal 1, arna léamh i gcomhar leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 30 de CCNL, ar bhonn luach saothair arna bhunú ar feadh tréimhse 6 uair an chloig go leith. Dá bhrí sin, is cosúil go ríomhtar an luach saothair agus, dá bhrí sin, na ranníocaíochtaí slándála sóisialta do na hoibrithe deireanacha sin ar bhonn am oibre laethúil socraithe, is é sin le rá, ar bhealach ginearálta agus teibí, agus ní ar bhonn na n-uaireanta

a chríochnaigh siad go hiarbhír, mar is amhlaidh i gcás oibrithe ar théarma socraithe. Dá bhrí sin, i gcás oibrithe feirme buana, d'fhéadfadh sé go n-íocfaí ranníocaíochtaí slándála sóisialta i leith uaireanta oibre nár cuireadh i gcrích, ach i gcás oibrithe feirme ar théarma socraithe, d'fhéadfaí an fhéidearthacht sin a eisiamh.

52 Ní thugtar amhras ar an measúnú sin maidir le cóir nach bhfuil chomh fabhrach céanna d'oibrithe feirme ar théarma socraithe le hargóintí na n-iarratasóirí sna príomhimeachtaí bunaithe ar chur i bhfeidhm an phrionsabail '*pro rata temporis*'. Cé go bhforáiltear le Clásal 4(2) den Chreat-Chomhaontú go bhfuil feidhm ag an bprionsabal sin '[i] gcás inarb iomchuí', chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach gcuirtear in iúl leis an gclásal sin ach ceann de na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith, i gcás inarb iomchuí, faoi réir rialú breithiúnach, le cur i bhfeidhm phrionsabal an neamh-idirdhealaithe i bhfabhar oibrithe ar théarma socraithe, gan an bonn a bhaint ar bhealach ar bith de shubstaint an phrionsabail sin (breithiúnas an 15 Aibreán 2008, *Impact*, C-268/06, EU:C:2008:223, mír 65).

53 Ní féidir leis an bprionsabal '*pro rata temporis*' údar a thabhairt, sa chás seo, le modhanna éagsúla a chur i bhfeidhm chun cuntas a thabhairt ar líon na n-uaireanta atá le cur san áireamh chun luach saothair agus ranníocaíochtaí le scéim slándála sóisialta ceirde a ríomh d'oibrithe feirme ar théarma socraithe agus d'oibrithe feirme buana bunaithe, i gcás oibrithe feirme buana, ar na huaireanta a cuireadh i gcrích go hiarbhír agus, i gcás oibrithe buana feirme, ar líon socraithe uaireanta oibre. Na tagairtí ama ar leithligh sin chun luach saothair agus ranníocaíochtaí le scéim slándála sóisialta ceirde a ríomh, ní toradh iad ar chur i bhfeidhm phrionsabal an neamh-idirdhealaithe agus cuirtear oibrithe feirme ar théarma socraithe faoi mhíbhuntáiste.

54 Thairis sin, maidir le hinchomparáideacht na gcásanna atá i gceist, i bhfianaise na faisnéise sa chomhad os comhair na Cúirte Breithiúnais, dealraíonn sé go bhfuil na buan-oibrithe feirme agus na hoibrithe feirme ar théarma socraithe i staid inchomparáide. Go háirithe, ós rud é go sainmhínítear le hAirteagal 18(a) de CCNL na hoibrithe deireanacha sin mar oibrithe atá fostaithe, *inter alia*, 'chun an ceart chun fostaíocht a choinneáil in ionad oibrithe atá as láthair ón obair', léirítear go bhfuil oibrithe feirme ar théarma socraithe agus oibrithe feirme buana ag gabháil don obair chéanna nó d'obair chomhchosúil. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé, áfach, an measúnú sin a dheimhniú, agus na tosca ábhartha uile mar a leagtar amach i mír 49 den bhreithiúnas seo á gcur san áireamh.

55 A mhéid a chomhlíontar, sa chás seo, na coinníollacha dá dtagraítear i mír 49, is gá, ar an dara dul síos, measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil údar leis an gcóir is lú fabhar d'oibrithe feirme ar théarma socraithe i gcomparáid le buan-oibrithe feirme ar 'fhorais oibiachtúla', mar a leagtar síos i gClásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú.

56 De réir chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, ceanglaítear leis an gcoincheap 'foras oibiachtúil' go bhfuil údar leis an difríocht sa chóir a fhaightear mar gheall ar thosca beachta agus sonracha a bheith ann mar shaintréith den chaidreamh fostaíochta atá i gceist, sa chomhthéacs ar leith ina dtarlaíonn sé agus ar bhonn critéir oibiachtúla thrédhearcacha, d'fhonn a fháil amach an bhfreagraíonn an difríocht sin sa chóir d'fhíorghá, a bheith iomchuí chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach agus atá riachtanach chun na críche sin. D'fhéadfadh na heilimintí sin a bheith mar thoradh, go háirithe, ar chineál ar leith na gcúraimí ar lena ndéanamh a tugadh conarthaí ar théarma socraithe i gcrích agus ar shaintréithe bunúsacha na gcúraimí sin nó, de réir mar a bheidh, ar chuspóir dlisteanach beartais shóisialta de chuid Ballstáit a shaothrú (ordú an 9 Feabhra 2017, Rodrigo Sanz, C-443/16, EU:C:2017:109, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

57 Cé go bhforáiltear do dhifríocht sa chaoi a gcaitear le hoibrithe ar théarma socraithe agus le hoibrithe buana le riail náisiúnta ghinearálta agus theibí, amhail dlí nó comhaontú comhchoiteann, ní hionann sin agus 'foras oibiachtúil' de réir bhrí Chlásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú lena dtugtar údar le difríocht sa chóir sin (breithiúnas an 7 Aibreán 2022, *Ministero della Giustizia agus páirtithe eile (Stádas giúistísí na hIodáile)*, C-236/20, EU:C:2022:263, mír 40, agus ordú an 9 Feabhra 2017, Rodrigo Sanz, C-443/16, EU:C:2017:109, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Mar sin féin, ní féidir údar a thabhairt le difríocht sa chaoi a chaitear le hoibrithe maidir le coinníollacha fostaíochta idir oibrithe ar théarma socraithe agus oibrithe buana ar bhonn critéir a thagraíonn go beacht, ar bhealach ginearálta agus teibí, do théarma na fostaíochta. Dá mba rud é gur leor cineál sealadach caidrimh fostaíochta chun údar a thabhairt le difríocht den sórt sin, dhéanfaí cuspóirí Threoir 1999/70 agus an Chreat-Chomhaontaithe a bhréagnú. Seachas feabhas a chur ar cháilíocht na hoibre ar théarma socraithe agus cóir chomhionann a chur chun cinn ar mian le Treoir 1999/70 agus leis an gCreat-Chomhaontú araon í a bhaint amach, b'ionann brath ar chritéar den sórt sin agus staid atá míbhuntáisteach d'oibrithe ar théarma socraithe a bhuanú (ordú an 9 Feabhra 2017, Rodrigo Sanz, C-443/16, EU:C:2017:109, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 Sa chás seo, chuir na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí cúiseanna oibiachtúla chun cinn lena dtugtar údar leis an difríocht sa chaoi a gcaitear le hoibrithe feirme ar théarma socraithe i gcomparáid le hoibrithe feirme buana, ós rud é, mar is léir ó Airteagal 18(a) de CCNL, go bhfuil na hoibrithe sin fostaithe chun obair ghearrthéarmach, obair shéasúrach nó obair ócáideach a dhéanamh, nó chun teacht in ionad oibrithe atá as láthair. Dá bhrí sin, tugann na cúiseanna a fhostaítear ar bhonn téarma shocraithe agus atá nasctha le saintréithe sonracha na hoibre talmhaíochta údar leis an bhfíoras nach gá go mbeadh na hoibrithe sin ar fáil don fhostóir ar feadh 6 uair an chloig go leith in aghaidh an lae nó 39 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Tá an measúnú sin comhsheasmhach leis an tríú mír sa bhrollach a ghabhann leis an gCreat-Chomhaontú, ina leagtar síos ina théarmaí na prionsabail ghinearálta agus na híoscheanglais a bhaineann le hobair ar théarma socraithe, agus é á aithint nach mór réaltachtaí staideanna sonracha náisiúnta, earnála agus séasúracha a chur san áireamh ina gcur i bhfeidhm mionsonraithe. San Iodáil, áfach, tá 90 % den lucht saothair talmhaíochta fostaithe ar théarma socraithe i bhfianaise chineál sealadach agus neamhleanúnach na gcúraimí atá le déanamh in earnáil na talmhaíochta.

60 Mar sin féin, i bhfianaise an chásdlí a luaitear i míreanna 57 agus 58 den bhreithiúnas seo, ní mór a mheas nach forais oibiachtúla iad na cúiseanna sin chun caitheamh ar bhealach éagsúil leis na hoibrithe feirme atá i gceist, ós rud é nach bhfuil siad bunaithe ach ar fhad iarbhír na fostaíochta. Cé go n-áitíonn na hiarratasóirí go bhfuil breithnithe ann a thugann údar leis an bhfíoras nach gá go mbeadh oibrithe ar théarma socraithe ar fáil don fhostóir ar feadh 6 uair an chloig go leith in aghaidh an lae nó 39 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine agus, dá bhrí sin, nach n-íoctar ranníocaíochtaí slándála sóisialta ach amháin i leith líon na n-uaireanta oibre a chríochnaigh siad in aon lá amháin, ní mhíníonn argóintí den sórt sin, áfach, cén fáth, i gcás oibrithe buana, a dhéanann obair chomhionann nó cosúil le hobair oibrí ar théarma socraithe, nach mór an t-am oibre a shocrú ag 39 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine, agus mar thoradh air sin nach mór ranníocaíochtaí slándála sóisialta a chomhfhreagraíonn do 6 uair an chloig go leith oibre in aghaidh an lae a íoc gan beann ar líon na n-uaireanta oibre a chuirtear i gcrích go hiarbhír in aghaidh an lae.

61 In éagmais forais oibiachtúla, ní mór a mheas go gcuirtear cosc le Clásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú ar an difríocht sa chaoi a gcaitear le luach saothair agus ranníocaíochtaí le scéim slándála sóisialta ceirde arna ríomh ar bhonn an luacha saothair sin idir oibrithe feirme ar théarma socraithe agus oibrithe feirme buana amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí.

62 I bhfianaise a bhfuil thuas, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná nach mór Clásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta, arna léiriú ag cúirt náisiúnta uachtarach, faoina ndéantar ranníocaíochtaí slándála sóisialta is iníoctha ag fostóirí a fhostaíonn oibrithe feirme ar théarma socraithe chun sochair a mhaoiniú faoi scéim slándála sóisialta ceirde a ríomh ar bhonn an luacha saothair a íoctar leis na hoibrithe sin as na huaireanta oibre laethúla atá curtha i gcrích acu go hiarbhír, cé go ndéantar na ranníocaíochtaí slándála sóisialta is iníoctha ag fostóirí a fhostaíonn buan-oibrithe feirme a ríomh ar bhonn luach saothair a bhunaítear le haghaidh am oibre laethúil socraithe, mar a bhunaítear leis an dlí náisiúnta, beag beann ar na huaireanta oibre iarbhír.

Costais

63 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Deichiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le Clásal 4(1) den Chreat-Chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe, arna thabhairt i gcrích an 18 Márta 1999, atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 a bhaineann leis an gCreat-Chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe a thug ETUC, UNICE agus CEEP i gcrích,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta, arna léiriú ag cúirt náisiúnta uachtarach, faoina ndéantar ranníocaíochtaí slándála sóisialta is iníoctha ag fostóirí a fhostaíonn oibrithe feirme ar théarma socraithe chun sochair a mhaoiniú faoi scéim slándála sóisialta ceirde a ríomh ar bhonn an luacha saothair a íoctar leis na hoibrithe sin as na huaireanta oibre laethúla atá curtha i gcrích acu go hiarbhír, cé go ndéantar na ranníocaíochtaí slándála sóisialta is iníoctha ag fostóirí a fhostaíonn buan-oibrithe feirme a ríomh ar bhonn luach saothair a bhunaítear le haghaidh am oibre laethúil socraithe, mar a bhunaítear leis an dlí náisiúnta, beag beann ar na huaireanta oibre iarbhír.

[Sínithe]